Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**9584/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0139(NLE)**

**ECOFIN 630
UEM 179
FIN 592
*ECB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear an Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Beilge**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

**1** IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I ndiaidh don Bheilg an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 30 Aibreán 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 13 Iúil 2021, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021')[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3], an 10 Nollaig 2024[4], an 18 Feabhra 2025[5] agus an 11 Márta 2025[6].

(2) An 25 Aibreán 2025, rinne an Bheilg iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an mBeilg.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Bheilg isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 22 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 10161/21 agus ST 10161/21 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15570/23 agus ST 15570/23 ADD 1ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST 15974/24 agus ST 15974/24 ADD 1ag http://register.consilium.europa.eu.

[5] Féach doiciméid ST 5654/25 agus ST 5654/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[6] Féach doiciméid ST 6545/25 agus ST 6545/25 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh ocht mbeart a leasú chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme chun uaillmhian bhunaidh na mbeart a bhaint amach. Baineann sé sin leis an tuairisc ar athchóiriú R-1.05 (‘Creat rialála maidir le dé-ocsaíd charbóin (CO2) a iompar trí phíblínte i bhFlóndras’ de chuid Réigiún Pléimeannach) agus cloch mhíle 15bis d’athchóiriú R-1.05 faoi chomhchuid 1.2 (Teicneolaíochtaí fuinnimh atá ag teacht chun cinn); spriocanna 36 agus 37 d’infheistíocht I-1.22 (‘Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide’ de chuid Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 1.3 (An aeráid agus an comhshaol) an tuairisc ar infheistíocht I-2.01 (‘Sochaí dhigiteach atá slán ó thaobh cibearshlándála de agus atá láidir’ de chuid an Stáit Chónaidhme), sprioc 44 d’infheistíocht I-2.01 agus cloch mhíle 47 d’infheistíocht I-2.01 faoi chomhchuid 2.1 (Cibearshlándáil); cloch mhíle 58 d’infheistíocht I-2.05 (‘Digiteáil SPF’ de chuid an Stáit Chónaidhme) agus cloch mhíle 59 d’infheistíocht I-2.05 (‘Digiteáil SPF, fobheart 1: ‘Claochlú digiteach an Cheartais’ de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 2.2 (Riarachán Poiblí); an tuairisc ar infheistíocht I-3.14: (‘Deontais le haghaidh an aistrithe mhódaigh’ de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) agus sprioc 113 d’infheistíocht I-3.14) faoi chomhchuid 3.2: (An t-aistriú módach; an tuairisc ar athchóiriú R-4.06: (‘Margadh saothair uilechuimsitheach’ de chuid an Phobail Phléimeannaigh agus clocha míle 141 agus 142 d’athchóiriú R-4.06) faoi chomhchuid 4.2: (Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha; an tuairisc ar R-5.01: ‘Córas carntha agus soghluaisteacht chuig earnálacha ina bhfuil ganntanas’ de chuid an Stáit Chónaidhme, agus clocha míle 175 agus 176 d’athchóiriú R-5.01) faoi chomhchuid 5.1 (Oiliúint agus an margadh saothair); clocha míle 184 agus 185 d’infheistíocht I-5.10 (‘T&F: Íoslaghdú dramhaíola le linn díchóimeála’ de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 5.2 (Tacaíocht do ghníomhaíocht eacnamaíoch). Ar an mbonn sin, d’iarr an Bheilg na clocha míle, na spriocanna agus na tuairiscí ar bhearta thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh ocht mbeart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart sin á mbaint amach an tráth céanna. Baineann sé sin le spriocanna 5, 6 agus 7 d'infheistíocht I-1A (Athchóirithe ar thithíocht phríobháideach agus shóisialta) faoi chomhchuid 1.1 (Athchóiriú) spriocanna 12 agus 13 d'infheistíocht I-1B (Athchóirithe foirgneamh poiblí) faoi chomhchuid 1.1 (Athchóiriú); an tuairisc ar infheistíocht I-1.22 ('Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide' de chuid Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 1.3 (An aeráid agus an comhshaol); cloch mhíle 82 d'infheistíocht I-2.14 ('Institiúid intleachta saorga a fhorbairt chun an teicneolaíocht seo a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha' de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) faoi chomhchuid 2.3 (Snáithín optúil, 5G agus nuatheicneolaíochtaí); an tuairisc ar athchóiriú R-3.05 ('Stáisiúin athluchtaithe – RBC' de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) faoi chomhchuid 3.3 (An t-iompar de bhóthar a ghlasú); sprioc 121 d'athchóiriú R-3.05 ('Stáisiúin athluchtaithe – RBC' de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) faoi chomhchuid 3.3 (An t-iompar de bhóthar a ghlasú); an tuairisc ar infheistíocht I-3.19 ('Stáisiúin athluchtaithe –-VLA' de chuid Réigiún Fhlóndras) faoi chomhchuid 3.3 (An t-iompar de bhóthar a ghlasú); an tuairisc ar athchóiriú R-4.04 ('Dul i ngleic leis an idirdhealú i margadh an tsaothair' de chuid an Stáit Chónaidhme) agus cloch mhíle 140 d'athchóiriú R-4.04 faoi chomhchuid 4.2 (Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha); sprioc 148 d'infheistíocht I-4.10 ('Inscne agus obair' de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 4.2 (Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha); agus cloch mhíle 228 d'athchóiriú R-7.02 ('Athchóiriú ar nós imeachta achomhairc Chomhairle Stáit' de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 7.3 (Fuinneamh in-athnuaite).

Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg faisnéis chúlra nó eilimintí nós imeachta nach bhfuil gá leo agus nach rannchuidíonn le cuspóirí nó le comhthéacs na mbeart a bhaint. Ina theannta sin, d'iarr an Bheilg go simpleofaí tuairiscí ar bhearta nó ar chlocha míle agus ar spriocanna a chruthaíonn ualach riaracháin gan údar chun cuspóirí na mbeart faoi seach a bhaint amach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Bheilg nach féidir aon bheart amháin a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh, mar gheall ar bhoilsciú ard. Baineann sé sin leis an tuairisc ar infheistíocht I-4.13 agus cloch mhíle 155 d'infheistíocht I-4.13 ('Bonneagar luathchúraim leanaí a chruthú agus a athchóiriú' de chuid Réigiún na Vallúine), faoi chomhchuid 4.3 (Bonneagar sóisialta). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg an tuairisc ar an mbeart thuasluaite agus an chloch mhíle thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh beart amháin a leasú i gcomhthéacs an tsimplithe chun foclaíocht an táscaire cháilíochtúil agus an tuairisc ar an gcloch mhíle a ailíniú. Baineann sé sin le cloch mhíle 159 d'infheistíocht I-5.01 ('A6K/E6K Mol Nuálaíochta agus Oiliúna Digití agus Teicneolaíochta' Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 5.1 (Oiliúint agus an margadh saothair). Ar an mbonn sin, d'iarr an Bheilg an beart thuasluaite a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Bheilg go ndearnadh ceithre bheart a leasú go páirteach mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla nach raibh coinne leo. Baineann sé sin le clocha míle 124 agus 125 d'athchóiriú R-3.07 ('Calaois astaíochtaí' de chuid Réigiún Fhlóndras) agus an tuairisc ar athchóiriú R-3.07 faoi chomhchuid 3.3 (An t-iompar de bhóthar a ghlasú). Ar a bhonn sin, d'iarr an Bheilg na tuairiscí ar bhearta agus na clocha míle thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Bheilg síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme chloch mhíle 50 d'infheistíocht I-2.03 ('Cibearshlándáil: 'Idircheapadh agus coimirce NTSU/CTIF' de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 2.1 (Cibearshlándáil) agus an tuairisc ar an athchóiriú céanna a leasú. Ina theannta sin, d'iarr an Bheilg cloch mhíle 79 d'athchóiriú R-2.02 ('Ríomhsheirbhísí rialtais: Nós imeachta tairisceana' de chuid an Stáit Chónaidhme) agus an tuairisc ar athchóiriú R-2.02 faoi chomhchuid 2.2 (Riarachán poiblí) ; agus clocha míle 207 agus 208 d'athchóiriú R-6(Athbhreithnithe caiteachais) faoi chomhchuid 6.1 (Athbhreithnithe caiteachais) a leasú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(9) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an mBeilg, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir.

***Dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna***

(10) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a mhodhnú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Bheilg i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(11) Sainaithníodh 10 n-earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021, lena ndéantar difear do chloch mhíle amháin agus do cheithre sprioc agus do chúig bheart faoi shé chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach dtagann le hábhar an phlean téarnaimh agus athléimneachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 13 Iúil 2021, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Bheilg. Baineann na hearráidí cléireachais sin le cloch mhíle 38 d'infheistíocht I-1.22 ('Bithéagsúlacht agus oiriúnú don athrú aeráide' de chuid Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 1.3 (An aeráid agus an comhshaol); sprioc 71 d'infheistíocht I-2.10 ('Ardán réigiúnach um malartú sonraí') faoi chomhchuid 2.2 (Riarachán poiblí); sprioc 99 d'infheistíocht I-3B (An t-iompar poiblí a fheabhsú sa Vallúin)' faoi chomhchuid 3.2 (An t-aistriú módach); sprioc 138 d'infheistíocht I-4.05 ('Slánú digiteach le haghaidh scoileanna sa Bhruiséil' de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile) faoi chomhchuid 4.1 (Oideachas 2.0); sprioc 146 d'infheistíocht I-4.08 ('R-chuimsiú don Bheilg de chuid an Stáit Chónaidhme) faoi chomhchuid 4.2 (Oiliúint agus fostaíocht grúpaí leochaileacha); an tuairisc ar infheistíocht I-2.15 ('Nascacht 35 pháirc ghnó sa Vallúin a fheabhsú' de chuid Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 2.3 (Snáithín optúil, 5G agus nuatheicneolaíochtaí); infheistíocht I-3H ('Uirlisí Soghluaisteachta Cliste' de chuid Réigiún Príomhchathartha na Bruiséile), Infheistíocht I-3.07 ('Síneadh Meitreo' de chuid Réigiún na Vallúine), agus infheistíocht I-3.08 ('Comharthaí bóthair cliste' de chuid Réigiún na Vallúine) faoi chomhchuid 3.2 (An t-aistriú módach); agus athchóiriú R-4.03 ('Plean gníomhaíochta domhanda in aghaidh na luathfhágála scoile' de chuid Chomhphobal na Fraince) faoi chomhchuid 4.1 (Oideachas 2.0). Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(12) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(13) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Bheilg chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Measúnú dearfach*

(14) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe, measúnú inar cinneadh go gcomhlíonann an plean go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, mar aon leis na clocha míle, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, maille leis an méid a chuireann an tAontas ar fáil i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(15) Is é EUR 5 279 567 854 costas iomlán measta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Bheilg, an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 a leithdháiltear ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge, ba cheart an ranníocaíocht sin a bheith comhionann le EUR 5 033 950 235. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a cuireadh ar fáil don Bheilg.

*Iasachtaí*

(16) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Bheilg, ar tacaíocht í dar luach EUR 244 200 000.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean Téarnaimh agus Athléimneachta na Beilge mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

*'Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Beilge ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híoc na tacaíochta neamh-inaisíoctha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na gcloch míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Ríocht na Beilge a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---